# Nuacht Neachtain

## Eanáir - Feabhra, 2020.

**BUÍOCHAS**

Buíochas ó chroí leis na tuismitheoirí agus leis na páistí go léir a tháinig go Eaglais Naomh Pádraig Dé Sathairn seo caite chun garda onóra a dhéanmah ag sochraid Phrionsias Uí Brollaigh. Ba mhór againn go léir sibh a bheith i láthair. Buíochas fosta libh as fanacht amuigh le linn na drochaimsire. Bhí Prionsias chun tosaigh agus Naíscoil agus Gaelscoil Neachtain a bhunú agus mhair sé ina chara mór againn thar na blianta. Tá muid iontach buíoch de as an obair go léir a rinne sé ar ár son. Déanaimid comhbhrón ó chroí le Anne agus leis an teaghlach ar fad. Go ndéana Dia trócaire air.

***TAISCÍ na TUAITHE***

Go raibh maith agat d'achan duine a chuir isteach ar chomórtas grianghrafadóireachta s'againne. Bhí freagairt iontach ann – 43 iarratas san iomlán! Díríonn na grianghraif go léir aird ar áilleacht na tuaithe s'againne – taiscí tuaithe gan amhras. Tá súil againn gur bhain tú sult as a bheith páirteach sa ghníomhaíocht seo le do pháiste. Tá na grianghraif ag Mary K. Burke anois agus, tá súil againn, go mbeidh an buaiteoir ar eolas againn amárach. Cuirfear téacs amach ag fógairt ainm an bhuaiteora agus beidh bronnadh againn ag an Ghaelscoil nuair a thagann muid ar ais i ndiaidh an sos leath-théarma. Beidh taispeántas de na grianghraif uilig ann sa Ghaelscoil le linn Téarma 2b. Arís eile, ár mbuíochas libh as cur isteach ar an chomórtas.

**THANKS**

Sincere thanks to all parents and children who came to St. Patrick's Church last Saturday to take part in the guard of honour at Francie Brolly's funeral. Your presence was very much appreciated. Thank-you also for braving the elements. Francie was very involved setting up both Naíscoil and Gaelscoil Neachtain and remained a great friend over the years. We are very grateful to him for all the work he did on our behalf. We send our sincere condolences to Anne and all the family. Go ndéana Dia trócaire air.

***TREASURES of the COUNTRYSIDE***

Thank-you to everyone who entered our photography competition. We had a great response – 43 entries in total! All the photographs draw attention to the *Treasures of the Countryside* without doubt! We hope you and your child enjoyed taking part in this activity together. Mary K. Burke has the photographs now and we hope we'll be able to announce the winner tomorrow. A text will be sent with the winner's name and we'll have a presentation at the Gaelscoil after half-term break. All the photographs will be on display in the Gaelscoil during Term 2. Once again, thank-you to all who took part in the competition.

**CRUINNITHE TUISMITHEORA/MÚINTEORA**

Beidh cruinnithe tuismitheora / múinteora ann sa tseachtain ag toiseacht An Luan, 2 Márta. Cuirfear nóta abhaile roimh ré le sonraí. Iarrtar ar achan tuismitheoir freastal ar an chruinniú, le do thoil. Go raibh maith agat.

**BLIOTZ GAELSCOILE**

Tá cuireadh faighte ag páistí Eochairchéim 2 a bheith páirteach i mbliotz iomána/camógaíochta atá á reáchtáil ag CLG Naomh Colm, Baile na Scríne, do pháistí Gaelscoileanna ar fud an Tuaiscirt **Dé Domhnaigh 8 Márta** faoi dhíon Meadowbank, Machaire Fíolta ó 1.30i.n. – 3.30i.n. Tá an imeacht seo á eagrú chun seans eile a thabhairt chun páistí s' againne an Ghaeilge a úsáid i measc an phobail – Gaeilge amháin a bheas a labhairt ar fud an bhliotz. Imreoidh cailíní / gasraí ar fhoireann amháin – 5 ar fhoireann. Is iad tuismitheoirí atá freagrach as a bpáistí ar an lá, socraithe taistil san áireamh. NÍ MÓR DO THUISMITHEOIRÍ FANACHT LENA BPÁISTÍ AR FUD AN BLIOTZ. Cuirfear litir abhaile níos cóngaraí don dáta. **Má tá do pháiste a dhul a bheith páirteach, bí ag fáiltiú Meadowbank faoi 1.20i.n. ar a dhéanaí, le do thoil, áit a mbuailfidh foireann Ghaelscoile libh.** Go raibh maith agat.

**COSAINT AN PHÁISTE**

***Is í Danielle Nic Ailín Múinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Is í Róisín Mhic Thaidhg Leasmhúinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Má tá tú buartha faoi aon rud, gabh i dteagmháil le ceachtar acu, le do thoil, láithreach bonn.***

**PARENT/TEACHER MEETINGS**

Parent/Teacher meetings will take place the week beginning Monday, 2nd March. A note will be sent home beforehand with details. All parents are asked to attend their meeting, please. Go raibh maith agat.

**GAELSCOIL BLIOTZ**

Key Stage 2 children have received an invitation from St. Colm's GAA Club, Ballinascreen, to participate in a hurling blitz being organised for Gaelscoil children throughout the North on **Sunday, 8th March,** (1.30p.m. – 3.30p.m.) at Meadowbank, Magherafelt. This event is being organised to give our children another opportunity to use Irish in the community – Irish will be used throughout the blitz. Boys / girls will play on a team – 5 a side. Parents are responsible for their children on the day, including their travel arrangements. PARENTS MUST STAY WITH THEIR CHILDREN THROUGHOUT THE BLITZ. A letter will be sent home closer to the date. **If your child is participating, please be at the Meadowbank reception by 1.20p.m. at the latest where Gaelscoil staff will meet you.** Go raibh maith agat.

**CHILD PROTECTION**

***Danielle Nic Ailín is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg is the Deputy Designated Teacher for Child Protection. If you have any concerns, please contact either immediately.***

## AN CÓINEARTÚ

Mar is eol duit, beidh An Cóineartú ann do na páistí as Rang 7 **Dé Sathairn, 21 Márta, 2020 ar 11r.n.** in Eaglais Naomh Pádraig, Dún Geimhin Beidh páistí s'againne i gcuideachta pháistí Ghaelscoil na Speiríní, Baile na Scríne, páistí Bhunscoil Naomh Bríd, Tír Chiana agus páistí Ghaelscoil Léim a' Mhadaidh ar an ócáid naofa seo. Is é An Sagart Ó hÁgáin a dhéanfas an sacraimint a cheiliúradh. Iarrtar ar achan pháiste agus moltóir bheith ina shuí san Eaglais faoi 10.40r.n.ar a dhéanaí an mhaidin sin. Beidh sóláisti ann ina dhiaidh i halla Ghlór Dhún Geimhin. Cuirfear tuilleadh sonraí abhaile níos cóngaraí don am.
Beidh cleachtadh Cóineartaithe ann do na páistí Déardaoin, 19 Márta.

## AONACH LEABHAR

Mar imeacht de chuid Lá Domhanda Leabhar, beidh Aonach Leabhar ann i nGaelscoil Neachtain **Dé Céadaoin, 4 Márta.** Beidh deis ag achan pháiste freastal ann agus beidh an tAonach ar oscailt do thuismitheoirí idir 1.30 – 2.30i.n. Bíodh is go bhfuil an chuid is mó de na leabhair sa Bhéarla, beidh rogha leabhar Gaeilge ar díol fosta.

## LÁ DOMHANDA LEABHAR

Ta Lá Domhanda Leabhar a ceiliúradh againn **Dé hAoine, 6 Márta.** Tá fáilte roimh pháistí teacht ar scoil ar an lá agus iad gléasta ar nós an charachtar leabhair is fearr leo. Moltar do pháistí an leabhar is fearr leo a thabhairt isteach fosta chun é a phlé sa rang.

## TRAENÁIL IARSCOILE

Ath-thosaíonn an traenáil iarscoile do pháistí EC2 mar a leanas: An pheil, An Luan, 24 Feabhra, 3 – 4i.n; An iománaíocht, An Mháirt, 25 Feabhra, 3 – 4in.

## CONFIRMATION

As you are aware, Confirmation for the Rang 7 children will take place on **Saturday, 21st March, 2020, at 11.00a.m.** in St. Patrick's Church,Dungiven. Our children will come together with children from Gaelscoil na Speiríní, Ballinascreen, Bunscoil Naomh Bríd, Tirkane and Gaelscoil Léim 'a Mhadaidh on this sacred occasion. Fr. Ó Hagan will celebrate the sacrament. All children and sponsors are asked to be seated in the Church by 10.40a.m. at the latest that morning. Refreshments will be served afterwards in the Glór Dhún Geimhin hall. A photographer will be present. A Confirmation practice for children will take place on Thursday, 19th March.

## BOOK FAIR

There will be a Book Fair in Gaelscoil Neachtain on **Wednesday, 4th March,** to celebrate World Book Day. Every child will have the opportunity to attend and the fair will be open to parents between 1.30 – 2.30p.m. Although most books will be in English, there will also be a selection of Irish language books for sale.

## WORLD BOOK DAY

We are celebrating World Book Day on **Friday, 6th March.** Children are welcome to come to school on the day dressed as their favourite story character. Children are also encouraged to bring in their favourite book to discuss with the class.

## AFTER-SCHOOL TRAINING

After-school training recommences for KS2 children as follows: Football, Monday, 24th February, 3 - 4p.m.; Hurling, Tuesday, 25th February, 3 – 4p.m.

## SOS LÁRTHÉARMA

**Tá Gaelscoil Neachtain druidte do na páistí idir An Luan, 17 Feabhra go dtí An Aoine, 21 Feabhra. Athosclaíonn an Ghaelscoil Dé Luain, 24 Feabhra.**

## CISTE GAELSCOILE

Mar is eol duit, chuir *Cairde Neachtain* moladh chuig Bord na nGobharnóirí maidir le bunú ciste Gaelscoile chun taca maoinithe a thabhairt don Ghaelscoil. Ghlac Bord na nGobarrnóiríleis an mholadh seo. Mar a leanas atá sonraí an chiste: £25 an páiste agus £40 an teaghlach in aghaidh na bliana. Cuirfear litir amach chuig achan teaghlach maidir leis an chiste, Dé Céadaoin, 26 Feabhra. Go raibh maith agat.

## EOLAS GAELSCOILE

**Má tá tú ag iarraidh eolais, nó soiléireachta, maidir le dul chun cinn do pháiste, nó le hábhar ar bith Gaelscoile, téitear i dteagmháil, le thoil, leis an mhúinteoir ranga nó cuirtear glaoch ar oifig na Gaelscoile – 028 777 42529. Go raibh maith agat.**

## SCOIL a DHÍRÍONN AIRD AR AN RÉITEACH

Is scoil í Gaelscoil Neachtain a dhíríonn aird ar an réiteach. Tugtar faoi deara, le do thoil: **má bhíonn buaireamh nó gearán agat, iarrtar ort labhairt le múinteoir ranga an phaiste s'agatsa a luaithe agus is féidir, le do thoil.** Má tá buaireamh agat go fóill, iarrtar ort labhairt leis an Phríomhoide, le do thoil. MUNA BHFUIL FOIREANN na GAELSCOILE AR AN EOLAS FÁ ÁBHAR AR LEITH, NÍ THIG LINN TOISEACHT AR AN RÉITEACH. Go raibh maith agat.

## AN PHONCÚLACHT

**Tosaíonn an lá scoile ar 8.50r.n. gach lá d'achan pháiste ag Gaelscoil Neachtain. Cinntítear go bhfuil do pháiste in am don scoil, le do thoil. Go raibh maith agat.**

## MID-TERM BREAK

**Gaelscoil Neachtain is closed to the children for Mid-Term Break from Monday, 17th February, until Friday, 21st February. The Gaelscoil re-opens on Monday, 24th February.**

## GAELSCOIL FUND

As you are aware, *Cairde Neachtain* forwarded a proposal to the Board of Governors regarding the establishment of a Gaelscoil fund in order to provide financial support for the Gaelscoil. The Board of Governors accepted this proposal. The details of the fund are as follows: voluntary financial contribution from parents - £25 per child and £40 per family annually. A letter regarding the fund will be sent to every family on Wednesday, 26th February. Go raibh maith agat.

## GAELSCOIL INFORMATION

**If you for seeking information, or clarity, in relation to your child's progress or any Gaelscoil matter, please contact the class teacher or phone the Gaelscoil office – 028 777 42529. Go raibh maith agat.**

## A SOLUTION BASED SCHOOL

Gaelscoil Neachtain is a solution based school. Please note: **if you have a concern or complaint, you are asked to speak to your child's class teacher, as soon as possible, please.** If you still have a concern, you are asked to speak to the Principal, please. IF GAELSCOIL STAFF IS NOT AWARE OF A PARTICULAR ISSUE, WE CANNOT BEGIN TO RESOLVE IT. Go raibh maith agat

## PUNCTUALITY

**The school day begins at 8.50a.m. every day for all the children at Gaelscoil Neachtain. Please ensure your child is at school on time. Go raibh maith agat.**